CINNEADH (AE) 2022/494 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Márta 2022

lena ndeimhnítear rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2021/693 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár um Cheartas

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 4 de,

Ag féachaint don fhógra a thug Éire gur mian léi glacadh le Rialachán (AE) 2021/693 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár um Cheartas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1382/2013 ([1]) agus gur mian léi a bheith faoi cheangal ag an Rialachán sin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I litir dar dáta an 22 Samhain 2021, thug Éire fógra gur mian léi glacadh le Rialachán (AE) 2021/693 agus a bheith faoi cheangal aige.

(2) Ní bhaineann aon choinníoll le rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2021/693.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart, i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 331(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2021/693 a dheimhniú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2021/693 deimhnithe.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 156, 5.5.2021, lch. 21.